# Siopa Milseán

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás - cruthanna 3T<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht, An Domhan Thart Orainn* |
| **Scileanna Forbartha** | • eagar a léiriú ina gcuid oibre praiticiúla<br>• a gcuid oibre a léiriú trí phictiúir agus réada a úsáid<br>• teanga chuí mhatamaiticiúil a úsáid le ceisteanna a fhreagairt faoina gcuid oibre |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | milseáin, pacáiste, ciúb, ciúbóideach, sféar, sorcóir, crúiscín, ciseán, taispeántas, rudaí a/nach rollann, a/nach líonann, faobhar, cúinne/coirnéal, aghaidh, díreach, cuar/cuartha, cruinn, leibhéalta, a théann le chéile/nach dtéann le chéile |
| **Áiseanna** | milseáin, ciúb, ciúbóideach, sféar, sorcóir, Uirlis Sórtála Mol Mata |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Taispeánann an múinteoir rogha milseán agus ciúbóideach agus iarrann sé ar na daltaí cé acu milseáin ar ciúbóidigh iad. Athdhéan é seo le ciúbanna, sféir agus sorcóirí. Úsáideann an múinteoir an Uirlis Sórtála Mol Mata agus taifeadann sé na milseáin in aice le gach cruth.

### 2 Gníomhaíocht 2

Tugann an múinteoir réimse cruthanna do na daltaí agus iarrann sé orthu a shamhlú gur milseáin iad na cruthanna seo. Sórtálann na daltaí i ngrúpaí de réir critéar ar leith (cruth/cruthanna a líonann/nach líonann/a rollann/nach rollann).

### 3 Gníomhaíocht 3

Tá an siopadóir ag déanamh taispeántas fuinneoige nua. Is féidir leis an tsiopadóir na milseáin a chur i mboscaí. Tagann na boscaí i gceithre chruth (sféir, ciúbanna, ciúbóidigh, sorcóirí). Fiosraigh na cruthanna a bheadh fóirsteanach don taispeántas. Agus na cruthanna in úsáid agat, déan taispeántas fuinneoige a bheadh fóirsteanach don tsiopa milseán. Socraigh ar an chomhairle a thabharfá don tsiopadóir agus inis don tsiopadóir na fáthanna ar roghnaigh tú na cruthanna seo (téann siad le chéile, is féidir iad a líonadh, a rolladh). Úsáid an Uirlis Sórtála Mol Mata leis na freagraí a thaifeadadh.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad iad na cruthanna a d'úsáid tú?<br>• Cad iad na cruthanna a théann le chéile/ nach dtéann le chéile?<br>• Cad iad na cruthanna a rollann/nach rollann?<br>• Cá mhéad cruth a d'úsáid tú?<br>• Cad é an difear idir sféar agus ciúb srl.? | • Cad é mar a shórtáil tú na cruthanna?<br>• An raibh dóigheanna eile ann le hiad a shórtáil?<br>• Cad a tharlódh dá n-úsáidfeá boscaí i gcruth sféir?<br>• An dtig leat smaoineamh ar dhóigh níos fearr leis an tseilf a líonadh?<br>• An dtig leat a mhíniú cad é mar a thaispeánfá na milseáin?<br>• Cad é mar a thig leat a chinntiú nach dtitfidh do thaispeántas? Mínigh an fáth.<br>• Dá ndéanfá do thaispeántas arís, an athrófá rud ar bith? Cén dóigh? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí. Méadaigh/laghdaigh líon na gcruthanna de réir mar is gá.